# AR CHUALA TÚ?

## Ceardlanna Fuinnimh i gConamara Láir

I gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), d'eagraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir ceardlanna fuinnimh a reáchtáil do bhunscoileanna an cheantair. Ba í Catherine Daly a bhí mar áisitheoir agus thug sí cuairt ar na hocht scoil ar fad atá sa limistéar ón 23ú go dtí an 27ú lá de Bhealtaine agus bhí Guzzler, sonóg muinteartha cheardlanna an SEAI, ina cuideachta.



Thug an tionscnamh SEAI seo ceardlanna fuinnimh agus inbhuanaitheachta isteach i seomraí ranga scoileanna Ghaeltacht Chonamara Láir ar bhealach taitneamhach agus idirghníomhach. Bhí daltaí sóisearacha agus sinsir na mbunscoileanna lán-pháirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla a chabhraigh leo iniúchadh a dhéanamh ar fhuinneamh agus na téarmaí dá tháirgeadh agus dá úsáid a thuiscint. D'fhoghlaim siad faoi gháis cheaptha teasa agus athrú aeráide. Rinne siad macnamh ar bhealaí gur féidir leo féin fuinneamh a shábháil. Mar a deir Catherine féin, 'Ar scáth a chéile a mhairimid, mar sin is féidir linne cruth eile a chur ar an scéal!' Léiríonn na pictiúr a tógadh i Scoil na hÁirde Thiar an spraoi a bhí ag na daltaí sa seomra ranga le linn na ceardlainne.





## Nuacht GRETB



**Reáctáladh Cúrsa Caoladóireachta, maoinithe ag an GRETB, i sean scoil Ghlinnsce an mhí seo agus rinne na rannpháirtithe ciseáin álainn le treoir ón teagascóir agus an déantóir ciseán aitheanta, Ciarán Hogan.**

**Cuireadh cúrsa oideachais pobail 'Sábháilteacht ar an bhfarraige / Cumhachta Bhád' ar siúl freisin le Ciarán Murphy ó Irish Sailing. Bhí an-lá ag na rannpháirtithe agus iad amuigh ar an bhfarraige. Bhí sé thar a bheith tairbheach ach go háirithe do bhaill Chlub Mara Chonamara Láir.**





## Cairde Pinn



Ghlac os cionn 50 bhunscoil agus 1,000 gasúr ar fud na Gaeltachta (seacht scoil ó cheantar Chonamara Láir) páirt sa togra CAIRDE PINN a d'eagair Oifigigh Pleanála Teanga na Gaeltachta, agus iad ag scríobh litreacha chuig a chéile. Insíonn an pictúir seo a sheol Scoil Mhuire Rosmuc chugainn an gliondar a bhíodh ar na gasúir agus iad ag fáil a litir óna gcairde pinn. Buíochas leis na bunscoileanna ar fad atá ag comhoibriú linn

# Scéim Gaelchara Chonamara Láir



**Bhí teacht le chéile beag ag foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir le roinnt de rannpháirtithe na Scéime Gaelchara 2021/2022 in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh ar an 16 Meitheamh.**
**Ba deis iontach a bhí ann chun comhrá a bheith againn le chéile agus aiseolas a bhailiú maidir leis an scéim.**
**Buíochas le foireann an Ionaid as ucht a gcuid fáilte agus D&D Catering as na sólaistí blasta.**




**Is scéim í seo a bhfuil sé d'aidhm aici deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i gceantar Chonamara Láir (Camus, Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, An Caiseal & Sraith Salach) feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge ar bhealach spraoiúil. Déanfar é seo trí dheis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a chleachtadh mar theanga bheo i suíomh Gaeltachta. Tabharfar deis don fhoghlaimeoir achar ama a chaitheamh i gcomhluadar cainteora dúchais (an Gaelchara). Beidh an foghlaimeoir in ann cur lena scileanna teanga trí a bheith páirteach i ngníomhaíocht nó caitheamh aimsire leis an gcainteoir dúchais: bíodh sé ina imeacht sóisialta; ag cleachtadh spóirt; ag cleachtadh ceirde; nó trína bheith páirteach i ngníomhaíocht nó i gcaitheamh aimsire de chineál eile.**
**Cuirfear €250 ar fáil don fhoghlaimeoir Gaeilge agus €250 ar fáil don chainteoir dúchais.**

**Íocfar €100 ag tús na scéime agus an chuid eile nuair atá Oifig Pleanála Teanga Chonamara Láir sásta go bhfuil an clár críochnaithe go sásúil ag na rannpháirtithe.**

**Tá an fhoirm iarratais le fáil ach teagmháil a dhéanamh le opt@conamaralair.ie nó 087 1875384.**
**Is é an Aoine 29 Iúil 2022 an spriocdháta.**

**Is féidir iarratas a dhéanamh go haonarach nó i dteannta foghlaimeora / cainteora dúchais. Cuirfear Foghlaimeoirí/Cainteoirí Dúchais aonaracha le Foghlaimeoirí/Cainteoirí Dúchais eile.**

# Peil na mBan Carna Caiseal



Ar chúl (c-d) – Máire Louise Nic an Ríogh, Barbara Connolly, Baba Ní Choirbín, Máire Ní Chlochartaigh, Máire Ní Uaithnín.
Tosaigh (c-d) – Kathleen Ní Fhlatharta (Dara Beag), Margaret Breathnach, Ann Marie Ní Fhlatharta, Peige Ní Chlochartaigh

Feictear go raibh peil á imirt ag mná Charna/Caiseal ó 1979, ach níor tháinig struchtúr ná bord condae do pheil na mban i nGaillimh go dtí 1990. Bunaíodh club Peil na mBan Carna/Caiseal faoin struchtúr seo sa mbliain 1994. Bhí foirne faoi aois agus foireann sóisear sa gclub ag an am agus d'éirigh go maith leo sna blianta sin. Bhain an fhoireann faoi 12 sraith an Iarthar amach sa mbliain 1997 agus bhuaigh an fhoireann sóisear sraith an chondae an bhliain céanna. Bronnadh an corn ar chaptaen na foirne, Pauline Ní Chaodhna ar pháirc An Fháirche agus bronnadh gradam sár-imreoir an chluiche ar Ghearóidín Ní Tháibhís.
Faraor thit an club as a chéile in 1998. Ar feadh ocht mbliana déag ní raibh mórán roghanna ann do chailíní peil a imirt. Thaisteal roinnt le n-imirt le clubanna eile, d'imir roinnt eile le foirne faoi aois na mbuachaillí go dtí go raibh siad ceithre bliana déag agus go leor eile nár imir ar chor ar bith. Bhí easnamh mór do mhná an . cheantair sa tréimhse sin, ach buíochas le Dia rinneadh athchóiriú eile ar an gclub in 2016.
Ó shin tá coiste láidir curtha le chéile a thugann treoir agus struchtúr don gcumann. Tá cailíní agus mná ag imirt le foirne Charna/Caiseal ó aois 6 go ocht mbliana déag, agus tá foireann sóisear na mban ann chomh maith. Tá éachtanna bainte amach tríd an chumainn, idir imreoirí ag dul ar aghaidh le foirne na Gaillimhe, cluichí ceannais a shroicheadh agus ar ndóigh cluichí ceannais a bhuachadh. Agus níl muid ach ina thús!Tá an cumann ag dul ó neart go neart, agus cuirfear fáilte roimh chuile chailín agus chuile bhean i gceantair Charna agus an Chaisil a bheith páirteach sa gcumann.



Foireann Sóisear na mban a bhuaigh Craobh Iarthar na Gaillimhe, Sóisear A (2021)

Ar chúl (c-d) Aisling Ní Mhealóid, Niamh Ní Chonghaile, Aoife Ní Niaidh, Sorcha Ní Chonchubhair, Shaunadh Ní Chlochartaigh, Rosa Ní Cheallaigh, Kerina Uí Chlochartaigh, Valerie Quintero, Vanessa Uí Cheallaigh, Fiona Uí Chualáin, Pauline Uí Mhurchú, Dolores Uí Mhadaoin, Niamh Ní Choirbín, Sinéad Bhreathnach, Vivienne Ní Niaidh, Elaine Ní Niaidh, Mae Uí Chathasaigh
Tosaigh (c-d) Shauna Ní Chormaic, Jessica Ní Chonaire, Caoimhe Dunne, Norah Threasa Ní Allmhuráin, Ríona Ní Dhuinnshléibhe, Ailish Uí Cheannabháin, Joy Ní Chualáin, Brenda Ní Mhaoilchiaráin, Josephine Ní Allmhuráin, Ciara Ní Dhuinnshléibhe, Ionnaigh Ní Allmhuráin, Aleana Ní Chualáin, Bridget Ní Chlochartaigh, Máire Uí Chonbhuí, Clíona Dunne, Éabha Ní Chathasaigh

## ŠKODA TOUR DE CONAMARA

**Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch Dé Satharn, an 27ú Bealtaine, agus na rothaithe amuigh ag glacadh páirt sa Tour de Conamara.**
**Cuireadh sólaistí ar fáil dóibh taobh amuigh don gteic i Roisín na Mainiach. Stop na céadta isteach chun scíth a ligeann agus d'éist siad le ceol bríomhar á bhuíochas le Mikey Breathnach agus Máirtín Ó Cualáin.**



**Ba mhaith le Forbairt Chonamara Láir Teo., buíochas a ghlacadh le gach duine ón bpobal a tháinig amach agus a thug cúnamh ar an lá agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Carna.**

**Comhghairdeas leis na rothaithe ar fad a ghlac páirt.**



## Club Óige Rosmuc/Chamuis

Seo roinnt picitiúir a tógadh ag imeacht deireadh bliana le Cheapadh na gCapall a bhí eagraithe ag Club Óige Rosmuc/ Chamuis le tacaíocht ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.
Is cosúil go raibh lá iontach ag na déagóirí agus iad amuigh ag cadhcáil amach ó Stáisiún Cumhachta Scríb ar an 11 Meitheamh. Dúirt an coiste gur thug an imeacht seo 'deis iontach do na gasúir a gcuid Gaeilge a neartú agus iad i mbun gníomhachtaí seachtarscoile'.





# Gradaim Pobail an Chathaoirligh



**Bhí ócáid ceiliúradh i dTuaim an dá Ghualainn ar an Satharn an 11ú Meitheamh nuair a bhronn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe Cllr. Peter Keaveney gradaim ar na grúpaí éagsúla tríd an Chontae a rinne gaisce i 2022. I measc na ngrúpaí sin go léir bhí Scoil Náisiúnta Bhriocáin as an nGort Mór, Rosmuc. Sa gcatagóir seo, tugadh aitheantas d’iarrachtaí grúpaí pobail agus scoileanna Gaeltachta atá ag caomhnú, cur chun cinn nó méadú a dhéanamh acu ar úsáid na Gaeilge. Gradam don foilseacháin Oidhreachta is fearr a a bhain an scoil amach agus ar ndóigh is mar gheall ar an leabhar Fréamhacha na Saoirse, a dtug Pleanáil Teanga Chonamara Láir maoiniú dhó, agus a d’fhoilsigh an scoil i mbliana a fuair siad an gradam.**

**Tá eolas le fáil san leabhar ar Luíochán Scríob, Ar Chath Mhuintir Eoghain , ar ionsaí na Dúchrónaigh ar Rosmuc agus Camus chomh maith le roinnt mhaith eachtraí eile. Tá cuir síos mion san leabhar ar chuid mhaith dos na óglaigh áitiúil a chuaigh amach ar troid le linn Chogadh an Saoirse. Bhí a lán dos na laochra seo ligthe i ndearmad ach de bharr an leabhar seo beidh eolas mhaith arís ar na laochra seo ina bpobal féin agus go deimhin níos faide ó bhaile.**

**Tá cóip ar díol san scoil (091-574303), Tí Mháille Rosmuc, Tí Ruairí i Leitir Móir , in Ionad Oidhreachta An Phiarsaigh chomh maith le Tí Chadhain i gCill Chiaráin ar chostas €10.**

## Nuacht CAIRDEAS



Tugadh cuireadh do fhoireann CAIRDEAS ag ócáid a d'eagraigh Comhairle Contae na Gaillimhe ar an 17 Meitheamh in Óstán Chuan na Gaillimhe chun aitheantas a thabhairt do ghrúpaí deonacha an obair a rinne siad don phobal le linn na pandéime.

Rinne Eileen Davis agus Susan Uí Chathain ionadaíocht ar an ngrúpa CAIRDEAS ag an ócáid agus bhronn an Comhairleoir Séamus Walsh litir ón Taoiseach Micheál Ó Máirtín orthu ag an ócáid.

# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'



## Aoi na míosa: Éabha Ní Chathasaigh

**1. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Dubhithir

**2. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Bainim an-tairbhe as an nGaeilge. Labhraím í chuile lá sa mbaile.

**3. An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Táim ag traenáil le bheith i mo mhúinteoir, mar sin déanaim go leor go m'obair trí Ghaeilge.

**4. Céard é an béile is fearr leat?** Cabáiste, bagún agus fátaí.

**5. Céard é an boladh is fearr leat?** Pancógaí Mhámó.

**6. Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Boojum

**7. Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Love island

**8. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Peil Ghaelach

**9. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** An Spáinn cúpla bliain ó shin, bhí an chlann uilig le chéile agus bhí an aimsir iontach

**10. Cén cineál scannáin ina bhfuil suim agat iontu?** Scannáin rómánsúil

**11. Bhfuil tú ag léamh aon leabhar faoi láthair?** Táim ag léamh Brooklyn faoi láthair

**12. An noiméad don lá is fearr leat?** Am dinnéir

**13. An t-am den bhliain is fearr leat?** An Samhradh

***Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas mór ó chroí a dhéanamh le Éabha a roghnaíodh mar 'Cailín Gaelach 2022' ag Comórtas Peile na Gaeltachta a bhí ar siúl i Leitir Móir ag tús na míosa seo.***



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Duckie Clarke a bhuaigh comórtas mhí Mheithimh. Tógadh an pictiúr deas seo de na ceannbháin i Rosmuc.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí an Iúil chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa:

**Ros Cíde:**

**Ciallaíonn sé pointe nó coill Uí Chéidigh (Keedy's Wood or Point)**

*aimsithe ó chartlann Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe

## Seanfhocal na Míosa:

**Is minic a rug cú mall ar ghiorria**

---

### Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.